Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0375(COD)**

**14282/18
ADD 1**

**CODEC 2004
CLIMA 217
ENER 380**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013, **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

## Ráitis ón gCoimisiún

Ráiteas ón gCoimisiún i dtaobh meatáin maidir le hAirteagal 16

Tugann an Coimisiún comhaontú na gcomhreachtóirí dá aire i ndáil le hAirteagal 16 trínar cheart plean straitéiseach a thíolacadh le haghaidh meatáin.

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé tiomanta anailís a dhéanamh ar astaíochtaí meatáin, go háirithe i gcomhthéacs straitéis fhadtéarmach an Aontais.

Cuireann an Coimisiún i bhfios, áfach, go bhforchoimeádann sé an ceart chuige féin freagairt i gcomhréir le rialacha an Chonartha agus, go háirithe, aird chuí aige ar a cheart tionscnaimh.

Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 44

An Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, tá sé lárnach maidir leis an bpacáiste dar teideal Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa. Is é is aidhm don Rialachán seo an próiseas a leagan amach lena ndéantar uaillmhian agus comhsheasmhacht na mbeartas agus na mbeart a dhéantar ar leibhéil éagsúla ar mhaithe le cuspóirí an Aontais Fuinnimh a ghnóthú agus, go háirithe, spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 de chuid an Aontais Eorpaigh.

Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2018 agus 2019, thug na trí institiúid gealltanas i leith an chuspóra a bhaint amach, is é sin Aontas Fuinnimh uaillmhianach ina mbeidh beartas aeráide réamhbhreathnaitheach, go háirithe trí chreat aeráide agus fuinnimh 2030 de chuid an- Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, trí leanúint den obair ar Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le fuinneamh glan do mhuintir uile na hEorpa.

I bhfianaise an mhéid sin, tugann an Coimisiún comhaontú na gcomhreachtóirí dá aire maidir le hAirteagal 44, ina bhforáiltear go gcabhróidh dhá choiste leis an gCoimisiún i gcur chun feidhme an Rialacháin.

Is oth leis an gCoimisiún nach bhféadfadh na comhreachtóirí glacadh leis an moladh ón gCoimisiún gur cheart feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún a bheith faoi smacht coiste amháin, i gcomhréir iomlán le rialacha nós imeachta na gcoistí is infheidhme a leagtar amach i Rialachán 182/2011[1] agus i bhfianaise Rialáil a chuíchóiriú agus Rialáil níos fearr.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá deighilt shoiléir inniúlachtaí idir na coistí, rud atá ríthábhachtach le go ndéanfar cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a fheidhmiú mar is ceart agus Rialachán 182/2011 a chur i bhfeidhm, Rialachán lena mbunaítear rialacha cothrománacha a bhfuil feidhm acu maidir le coistí.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.